

# An Dochtúir

**Buaileadh** Tomás **breoite** an tseachtain seo caite. Bhí sé ag imirt peile leis na buachaillí eile tar éis na scoile. Thosaigh sé ag cur báistí go trom agus **fliuchadh** go maith é. Nuair a tháinig sé abhaile thug Mamaí faoi deara go raibh sé **fliuch go craiceann.** Chonaic sí freisin go raibh **fiabhras** air. B'éigean dó dul isteach sa leaba **láithreach.** Chuir Daidí fios ar an Dochtúir Ó Riain.

I gceann tamaill tháinig sé go dtí an teach agus **mála an dochtúra** ina láimh aige. Threoraigh Daidí go dtí seomra Thomáis é. D'oscail sé an mála agus chonaic Tomás na **huirlisí** go léir istigh ann.

Thóg sé amach teirmiméadar agus chuir sé isteach i mbéal Thomáis é chun **teocht an choirp** a aimsiú. Dúirt sé go raibh an teocht an-ard. Ansin thóg sé **steiteascóp** as a mhála agus d'éist sé le **frithbhualadh an chroí.** Fuair sé píosa páipéir agus scríobh sé **oideas** air. Dúirt sé go mbeadh ar Thomás fanacht sa leaba ar feadh seachtaine. Rith Liam go dtí **siopa an phoitigéara.** Léigh an poitigéar an t-oideas agus fuair sé na rudaí a bhí luaite ann.

Thug an poitigéar **deoch leighis** agus **bosca piollaí** do Liam. Bhí na **treoracha** scríofa ar an mbuidéal agus ar an mbosca. Bhí ar Thomás piollaí a ghlacadh dhá uair sa lá maraon le spúnóg den deoch leighis. Bhí Liam **in éad** le Tomás toisc nach mbeadh air dul ar scoil. Dúirt sé féin go raibh tinneas cinn air ach **ní éisteodh** éinne leis. Tháinig **biseach** ar Thomás roimh dheireadh na seachtaine.

**Seanfhocail:**

Is fearr an tsláinte ná na táinte.
Níl luibh ná leigheas in aghaidh an bháis.
Breitheamh ceart cothrom an bás.

## A. Foclóir

**fiabhras,** fever
**b'éigean dó . . . ,** he had to . . .
**uirlisí,** instruments
**teirmiméadar,** thermometer
**teocht an choirp,** body temperature
**steiteascóp,** stethoscope
**oideas,** prescription
**siopa an phoitigéara,** chemist shop
**in éad,** jealous
**biseach,** improvement

## B. Scríobh amach an freagra ceart:

1. Cad a bhí ar siúl ag Tomás tar éis na scoile?
   — Bhí sé ag foghlaim a cheachtanna.
   — Bhí sé ag obair dá athair.
   — Bhí sé ag imirt peile leis na buachaillí eile.
2. Cén fáth a raibh ar Thomás dul isteach sa leaba láithreach?
   — bhí fiabhras air.
   — bhí tuirse air.
   — bhí pian ina cheann aige.
3. Cad a rinne an dochtúir leis an steiteascóp?
   — chuir sé isteach i mbéal Thomáis é.
   — chuir sé isteach ina phóca é.
   — d'fhág sé ar an mbord é.
   — d'éist sé le frithbhualadh an chroí.
4. Cad a thug an poitigéar do Liam?
   — deoch leighis agus bosca piollaí.
   — seacláid agus milseáin.
   — casóg agus bríste.

## C. Críochnaigh na habairtí seo a leanas:

1. Nuair a d'oscail an dochtúir an mála chonaic Tomás - - -.
2. Fuair sé píosa páipéir agus scríobh sé - -.
3. Bhí treoracha scríofa - - -.
4. Dúirt Liam go raibh tinneas cinn air ach ní - - -.

## D. Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Nuair a tháinig Tomás abhaile cad a thug Mamaí faoi deara?
2. Cén fáth ar chuir an dochtúir teirmiméadar i mbéal Thomáis?
3. Cad a rinne an poitigéar leis an oideas?
4. Cad a rinne Liam leis na piollaí agus leis an deoch leighis?
5. Cathain a tháinig biseach ar Thomás?
6. Cad dúirt an dochtúir mar gheall ar Thomás?

## Gramadach 7

1. B'éigean dó **dul isteach sa leaba láithreach:**
   fan sa seomra/ar feadh tamaill, ól/deoch leighis,
   aimsigh/teocht an choirp.
2. Bhí Liam in éad le Tomás toisc nach mbeadh air **dul ar scoil.**
   foghlaim ceachtanna/déan comhrá.